

Oireachtas Library



54023001290615

LL

AN BILLE LOGAINMNEACHA (FOIRMEACHA GAEILGE),  
1973

PLACE-NAMES (IRISH FORMS) BILL, 1973

*Mar a tugadh isteach*

*As introduced*





---

**PLACE-NAMES (IRISH FORMS) BILL, 1973**

---

*As introduced*

---

**ARRANGEMENT OF SECTIONS**

**Section**

1. Interpretation.
2. Place-names orders.
3. Construction of words in legal documents.
4. Expenses.
5. Short title.





---

**AN BILLE LOGAINMNEACHA (FOIRMEACHA GAEILGE),  
1973**

---

*Mar a tugadh isteach*

---

**RIAR NA nALT**

Alt

1. Léiriú.
2. Orduithe logainmneacha.
3. Forléiriú focal i ndoiciméid dhlíthiúla.
4. Caiteachais.
5. Gearrtheideal.





PLACE-NAMES (IRISH FORMS) BILL, 1973

BILL

entitled

AN ACT TO AUTHORISE THE MINISTER FOR FINANCE TO 5  
SPECIFY FOR THE PURPOSES OF LAW FORMS OF  
PLACE-NAMES IN THE IRISH LANGUAGE AND TO  
PROVIDE FOR OTHER MATTERS CONNECTED WITH  
THE MATTER AFORESAID.

BE IT ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:— 10

Interpretation.

1.—In this Act—

“the Minister” means the Minister for Finance;

“place-name” includes the name of any province, county, city, town,  
village, barony, parish or townland, or of any territorial feature  
(whether natural or artificial), district, region or place, as shown in 15  
the maps of the Ordnance Survey;

“place-names order” has the meaning assigned to it by *section 2*  
of this Act.

Place-names  
orders.

2.—(1) The Minister, having received and considered advice from  
the Commission, may by order (in this Act referred to as a place- 20  
names order)—

(a) declare the equivalent in the Irish language of a place-name  
specified in the order to be such word or words as he  
specifies in the order,

(b) amend or revoke a place-names order. 25

(2) Every place-names order shall be laid before each House of the  
Oireachtas as soon as may be after it is made and, if a resolution  
annulling the order is passed by either such House within the next  
subsequent twenty-one days on which that House has sat after the  
order is laid before it, the order shall be annulled accordingly but 30  
without prejudice to the validity of anything previously done there-  
under.

(3) In this section “the Commission” means the body known as  
an Coimisiún Logainmneacha and established by warrant of the  
Minister dated the 24th day of October, 1946. 35

Construction  
of words in  
legal  
documents.

3.—(1) A word or words, declared by the Minister in a place-names  
order to be the equivalent in the Irish language of a place-name speci-  
fied in the order, shall be construed in a legal document as having the  
same meaning and the same force and effect as the place-name so  
specified, unless the contrary intention appears. 40





**AN BILLE LOGAINMNEACHA (FOIRMEACHA GAEILGE),  
1973**

# BILLE

*dá ngairtear*

**5 ACHT Á ÚDARÚ DON AIRE AIRGEADAIS FOIRMEACHA  
GAEILGE LOGAINMNEACHA A SHONRÚ CHUN  
CRÍOCHA DLÍ AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH  
NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS AN NÍ RÉAMHRAITE.**

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:—

10 **1.—San Acht seo—**

Léiriú.

ciallaíonn “an tAire” an tAire Airgeadais;

folaíonn “logainm” ainm aon chúige, contae, cathrach, mórghaile,  
sráidghaile, barúntachta, paróiste nó baile fearainn, nó ainm aon  
ghné tíre (nádúrtha nó saorga), aon dúiche, limistéir nó áite, mar a

15 thaispeántar sin ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis;

tá le “ordú logainmneacha” an bhrí a thugtar dó le *halt* 2 den  
Acht seo.

2.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dó comhairle a fháil ón Orduithe  
gCoimisiún agus an chomhairle sin a bhreithniú, le hordú (dá ngair- logainmneacha.  
20 tear ordú logainmneacha san Acht seo)—

(a) a dhearbhu gurb é is iontamhail i nGaeilge do logainm a  
bheidh sonraithe san ordú cibé focal nó focail a shonróidh  
sé ann,

(b) ordú logainmneacha a leasú nó a chúlghairm.

25 (2) Leagfar gach ordú logainmneacha faoi bhráid gach Tí den  
Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta, agus má dhéanann  
ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuifidh an Teach sin  
tar éis an t-ordú sin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú  
an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhni dá réir sin, ach sin gan  
30 dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(3) San alt seo ciallaíonn “an Coimisiún” an comhlacht dá  
ngairtear “an Coimisiún Logainmneacha” agus a bunaíodh le  
barántas ón Aire dar dáta an 24ú lá de Dheireadh Fómhair, 1946.

3.—(1) Focal nó focail a mbeidh dearbhaithe ag an Aire in ordú  
35 logainmneacha gurb é nó gurb iad is iontamhail i nGaeilge do  
logainm a bheidh sonraithe san ordú, forléireofar i ndoiciméad  
dlíthiúil, mura léir a mhalairt d’intinn, é nó iad a bheidh ar  
chomhbhrí agus ar chomhfheidhm agus ar chomhéifeacht leis an  
logainm a bheidh sonraithe amhlaidh.

Forléiriú focal  
indoiciméid  
dhlíthiúla.



(2) In this section—

“legal document” means—

- (a) any Act of the Oireachtas passed after the operative date, any statutory instrument made under any such Act or the official translation of any such Act or instrument; 5
- (b) any instrument having or intended to have legal effect or consequences and executed on or after the operative date;
- (c) any document used in or for the purposes of legal proceedings, and made, issued or served on or after the operative date;

“the operative date” means the date on which the relevant place-names order comes into operation. 10

Expenses.

4.—The expenses incurred by the Minister in the administration of this Act shall be paid out of moneys provided by the Oireachtas.

Short title.

5.—This Act may be cited as the Place-names (Irish Forms) Act, 1973. 15



(2) San alt seo—

ciallaíonn “doiciméad dlíthiúil”—

- 5 (a) aon Acht ón Oireachtas a rithfear tar éis an dáta feidhme, aon ionstraim reachtúil a dhéanfar faoi aon Acht den sórt sin nó an tiontú oifigiúil ar aon Acht nó ionstraim den sórt sin;
- (b) aon ionstraim a mbeidh éifeacht dhlíthiúil nó iarmhairtí dlíthiúla aici nó beartaithe a bheith aici agus a fhorghníomhófar ar an dáta feidhme nó dá éis sin;
- 10 (c) aon doiciméad a úsáidfear in imeachtaí dlíthiúla nó chun críocha imeachtaí dlíthiúla, agus a dhéanfar, a eiseofar nó a sheirbheálfar ar an dáta feidhme nó dá éis sin;

ciallaíonn “an dáta feidhme” dáta an ordaithe logainmneacha iomchuí a theacht i ngníomh.

- 15 4.—focfar as airgead a sholáthróidh an tOireachtas na caiteachais Caiteachais. a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo.

5.—Féadfar an tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge), 1973, Gearrtheideal a ghairm den Acht seo.



**BILL**

**BILLE**

*(as introduced)*

*(mar a tugadh isteach)*

*entitled*

*dá ngairtear*

An Act to authorise the Minister for Finance to specify for the purposes of law forms of place-names in the Irish language and to provide for other matters connected with the matter aforesaid.

Acht á údarú don Aire Airgeadais foirmeacha Gaeilge logainmneacha a shonrú chun críocha dlí agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe eile a bhaineann leis an ní réamhráite.

*Introduced by the Minister for Finance*

*An tAire Airgeadais a thug isteach*

*Ordered by Dáil Éireann to be printed,  
25th October, 1973*

*Ordaíodh ag Dáil Éireann a chlóbhualadh,  
25 Deireadh Fómhair, 1973*

DUBLIN:  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE.

BAILE ÁTHA CLIATH:  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.

To be purchased through any bookseller, or directly from the Government Publications Sale Office, G.P.O. Arcade, Dublin.

Le ceannach díreach ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais An Stuara, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath, nó trí aon díoltóir leabhar.

Printed by CAHILL & Co., LIMITED.

Cló bhualte ag CAHILL & Co., LIMITED.